# Tuarascáil Rialála na Cigireachta Luathbhlianta Réamhscoil

| | |
|---|---|
| **Aitheantóir TUSLA:** | TU2015KY091 |
| **Ainm na Seirbhíse:** | Naíonra an Daingin |
| **Seoladh na Seirbhíse:** | Áiseanna Na hÓige, Ard na Gréine, An Daingean, Trá Lí, Co. Chiarraí |
| **Éirchód:** | V92 DT44 |
| **Ainm an tSoláthraí Cláraithe:** | Ray Mac Pháidín |
| **Cineál na seirbhíse:** | Páirt-Aimseartha, Seisiúnach |
| **Dáta(í) na Cigireachta:** | 17/06/2025 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Líon na leanaí réamhscoile:** | AM | 13 | PM | Ceann ar bith |

| | |
|---|---|
| **Seoladh na Cigireachta Luathbhlianta:** | Áras an Phobail, Deans Lane, Trá Lí, Co. Chiarraí. |
| **Cigireacht arna déanamh ag:** | N. Reidy |
| **Teideal:** | Cigire Luathbhlianta |

| **An tÚdarás chun Cigireacht a dhéanamh** |
|---|
| Déanann Cigireacht Luathbhlianta Tusla cigireachtaí ar Sheirbhísí Luathbhlianta faoi Alt 58(J) den Acht um Chúram Leanaí 1991 (arna chur isteach ag Alt 92 den Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013). |

| | |
|---|---|
| **Coinníollacha más infheidhme** | N/B |

# Tuarascáil Rialála na Cigireachta Luathbhlianta Réamhscoil



## Cur síos ar an tseirbhís

Seirbhís luathbhlianta pobalbhunaithe atá lonnaithe in Áiseanna na hÓige is ea Naíonra an Daingin. Tá an tseirbhís cláraithe chun cúram páirtaimseartha agus seisiúnach a sholáthar do leanaí idir 2 agus 6 bliana d'aois. Feidhmíonn an tseirbhís ó Luan go hAoine idir 9 am agus 1 pm, bíonn an seisiún ECCE beartaithe idir 9 am agus 12 meán lae. Tá rochtain ag na leanaí atá ag freastal ar limistéar ainmnithe súgartha lasmuigh ar an láthair.

## Soláthar Foirne

Tá cúigear daoine fásta ceangailte leis an tseirbhís a n-oibríonn triúr acu go díreach leis na leanaí. Níl an soláthraí cláraithe ná an t-oifigeach forbartha atá cleamhnaithe le Comhar Naíonraí na Gaeltachta ag obair sa tseirbhís leis na páistí. Bhí duine fásta amháin fostaithe faoi Scéim Tacaíochta na Samhla um Rochtain agus Cuimsiú (AIM).

## Modheolaíocht

Is í Cigireacht Luathbhlianta Tusla an rialtóir reachtúil neamhspleách ar sheirbhísí luathbhlianta in Éirinn. Sainmhíníonn Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) 2016 dualgas soláthraí cláraithe sábháilteacht agus folláine leanaí a chinntiú agus na rialacháin seo a chomhlíonadh. Tugann an tAcht seo an t-údarás do Tusla measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialachán. Is é cuspóir na rialála maidir le seirbhísí luathbhlianta ná a chinntiú go gcloítear le cúram, sábháilteacht agus folláine na leanaí a fhreastalaíonn ar na seirbhísí sin. Déantar cigireachtaí ar sheirbhísí luathbhlianta a phleanáil bunaithe ar an méid seo a leanas:

- Stair chigireachta roimhe seo
- Aon fhaisnéis a fhaightear maidir leis an tseirbhís

Tá torthaí na cigireachta bunaithe ar na nithe seo a leanas:

- Faisnéis a fhaightear trí mhionscrúdú ar cháipéisíocht
- Breathnóireacht dhíreach
- Plé leis an bhfoireann ábhartha

Níor fógraíodh an chigireacht seo agus díríodh ar réimse an rialachais/ sláinte, leasa agus forbartha leanaí/ sábháilteachta. Féadfaidh na cigireachtaí díriú ar réimsí eile freisin de réir mar is gá.

Déantar torthaí cigireachta a dhoiciméadú sa tuarascáil chigireachta a eisítear den chéad uair i ndréachtfhormáid don tseirbhís agus deis ann freagra a thabhairt ar aon torthaí. Nuair a shainaithnítear ceanglais reachtúla nach bhfuil á gcomhlíonadh, ní mór don soláthraí cláraithe a léiriú conas a cheartaigh sé an neamhchomhlíonadh agus cuirfidh sé cosc ar aon neamhchomhlíonadh tarlú arís. Úsáidfear an Plean um Ghníomh Ceartaitheach agus um

Ghníomh Coisctheach (CAPA) chun bonn eolais a chur faoi chinntí maidir le comhlíonadh na gceanglas rialála. Sa chás go dteipeann ar an soláthraí cláraithe na ceanglais reachtúla a chomhlíonadh, féadfar tús a chur le próiseas maidir le géarú.

Forchoimeádann an chigireacht an ceart chun eagarthóireacht a dhéanamh ar na freagraí a fhaightear ar chúiseanna lena n-áirítear soiléireacht, iomláine agus comhlíonadh na bpróiseas riaracháin agus dlíthiúil.

Is é an comhlacht cigireachta a thiomsaíonn ábhar na tuarascála.

**Admhálacha**

Is mian leis an gcigire aitheantas a thabhairt do chomhoibriú an duine atá i gceannas, na foirne agus na leanaí a bhí i láthair lá na cigireachta.

## Cuid III – Bainistíocht agus Foireann

### Rialachán 9 – Bainistíocht agus earcaíocht

*(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe-*

*(a)go mbeidh sa tseirbhís duine i bhfeighil ainmnithe agus duine arna ainmniú nó arna hainmniú a bheidh ábalta gníomhú mar ionadaí de réir mar is gá,*

*go mbeidh an duine i bhfeighil ainmnithe nó an duine arna ainmniú nó arna hainmniú dá dtagraítear i bhfomhír (a) san áitreabh gach tráth le linn na tréimhse ina mbeidh an tseirbhís réamhscoile á seoladh, agus*

*(2) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh gach fostaí, oibrí gan phá agus conraitheoir oiriúnach agus inniúil agus cineál na riachtanas atá ag leanaí á chur i gcuntas, lena n-áirítear-*

*(a)breithniú ar theistiméireachtaí ó fhostóirí an duine san am a caitheadh, más ann, agus go háirithe ar theistiméireacht ón bhfostóir is déanaí, más ann,*

*(b) breithniú ar theistiméireachtaí ó fhoinsí iontaofa i gcás duine nach raibh aon fhostóirí air nó uirthi san am a caitheadh,*

*(c) breithniú ar an nochtadh grinnfhiosrúcháin a fuarthas ó Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána de réir Acht 2012 i leith an duine, agus*

*(d) a chinntiú, a mhéid is indéanta, go soláthróidh duine, i gcás go raibh cónaí ar an duine i stát seachas an Stát ar feadh tréimhse ab fhaide ná 6 mhí as a chéile, grinnfhiosrúchán ag póilíní ó na húdaráis phóilíneachta sa stát sin.*

*(4) Cinnteoidh soláthraí cláraithe, gan dochar do ghinearáltacht mhír (2) agus faoi réir mhíreanna (5) agus (6), go sealbhaíonn gach fostaí a bhíonn ag obair go díreach le leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís mórdhámhachtain i gCúram agus Oideachas Luath-óige ar Leibhéal 5 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí nó cáilíocht a mheasfaidh an tAire a bheith coibhéiseach léi sin, ar a laghad.*

**Faisnéis maidir le comhlíonadh**

(1)

(a) Bhí duine ainmnithe i gceannas ag an soláthraí cláraithe agus tá duine ainmnithe tánaisteach ann chun ionadaíocht a dhéanamh de réir mar bá gá.

Nuair a cuireadh tús leis an gcigireacht gan fhógra, bhí an duine ainmnithe i gceannas ar dualgas le cúnamh a thabhairt leis an bpróiseas cigireachta.

(2)

(a)& (b)

Ón gcigireacht a rinneadh an 3 Deireadh Fómhair 2023 i leith, fuarthas amach ón duine a bhí i gceannas nár thosaigh aon duine fásta nua ag obair leis an tseirbhís.

(c) An grinnfhiosrúchán a d'imigh in éag ón gcigireacht dheireanach, rinneadh athnuachan uirthi i ndáil le duine fásta amháin. Bhí sé seo i gcomhréir leis an bhFógra Rialála Cigireachta Luathbhlianta lena gceanglaítear ar sheirbhísí grinnfhiosrúchán ón nGarda Síochána a athnuachan gach trí bliana.

(d) Ní bhaineann le hábhar toisc nár thosaigh aon duine fásta nua ag obair sa tseirbhís ó rinneadh an chigireacht dheireanach.

(4) Bhí mórdhámhachtainí bainte amach ag an triúr daoine fásta a bhí ag obair go díreach leis na leanaí i gcúram agus in oideachas na luath-óige, mar atá liostaithe ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ).

## Cuid III – Bainistíocht agus Foireann

**Rialachán 11 - Soláthar foirne**

*(1) Faoi réir an Rialacháin seo, áiritheoidh soláthraí cláraithe go mbeidh líon leordhóthanach daoine fásta i gcónaí ag obair go díreach leis na leanaí atá ag freastal ar an tseirbhís réamhscoile.*

*(2) Faoi réir mhíreanna (4) agus (5), cinnteoidh soláthraí cláraithe seirbhíse cúraim lae iomláin nó seirbhíse cúraim lae pháirtaimseartha go gcomhlíonfar gach tráth an cóimheas íosta idir daoine fásta agus leanaí a shonraítear i*

*gcolún (3) de Chuid 1 de Sceideal 6 os coinne uimhreach tagartha áirithe a shonraítear i gcolún (1) den Chuid sin i leith raon aoise na leanaí a shonraítear i gcolún (2) den Chuid sin ag an uimhir thagartha sin.*

*Gan dochar do mhíreanna (2) go (7)-*

*(a) déanfaidh soláthraí cláraithe seirbhíse réamhscoile seachas seirbhís cúraim leanaí nó seirbhís réamhscoile seisiúnach a chinntiú go mbeidh beirt dhaoine fásta ar a laghad ar an áitreabh i gcónaí.*

**Faisnéis maidir le comhlíonadh**

(1) Bhí líon leordhóthanach foirne ag obair go díreach leis na leanaí lá na cigireachta.

(2) Bhí cóimheas íosta daoine fásta le hais leanaí á gcomhlíonadh le linn na cigireachta. Bhí 3 dhuine fásta ag obair go díreach le 13 leanaí idir 3 agus 6 bliana d'aois, 5 leanaí ag freastal go páirtaimseartha agus 8 leanaí ar bhonn seisiúin.

(8) (a) Chinntigh an soláthraí cláraithe go raibh 2 dhuine fásta ar a laghad ar an láthair bunaithe ar an gclár foirne a cuireadh ar fáil.

**Cuid V - Cúram Leanaí sa tSeirbhís Réamhscoile**

**Rialachán 19 - Sláinte, leas agus forbairt leanaí**

*(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe, le linn seirbhís réamhscoile a sholáthar-*

*(a) go n-éascaítear foghlaim, forbairt agus dea-bhail gach linbh laistigh de shaol laethúil na seirbhíse réamhscoile trí na gníomhaíochtaí, an idirghníomhaíocht, na hábhair agus an trealamh cuí a sholáthar, ag féachaint d'aois agus do chéim forbartha an linbh, agus*

**Faisnéis maidir le comhlíonadh**

BUNRIACHTANAIS

- Bhí na páistí ag baint taitnimh as picnic na mbéiríní nuair a tháinig an cigire isteach sa tseirbhís. Cuireadh matra bog agus cúisíní ar fáil chun cabhrú leis na páistí suí in éineacht lena rogha bréagán bog a tugadh isteach ón mbaile.
- Le linn na cigireachta, bhí timpeallacht shuaimhneach, shocair agus spraíúil curtha ar fáil ag na 3 dhuine fásta a bhí ag tabhairt aire do na leanaí.
- Bhí rochtain neamhtheoranta ag na páistí ar na leithris atá suite lasmuigh den seomra súgartha. Bhí na páistí a bhí i láthair don chigireacht ag baint úsáid as an leithreas go neamhspleách. Rinne na daoine fásta maoirseacht ar na leanaí agus na leithris á n-úsáid acu.

- Bhain na páistí a bhí i láthair taitneamh as saorghluaiseacht sa seomra súgartha fairsing agus sa limistéar súgartha ainmnithe amuigh faoin aer le linn cigireachta.
- Bhí spás urláir leordhóthanach ag na páistí taobh istigh chun gluaiseacht faoi shaoirse, chun rochtain a fháil ar éagsúlacht na n-ábhar súgartha a bhí inrochtana do na leanaí ar aonaid seilfeanna íseal-leibhéil a sholáthraíonn rogha do na leanaí ina gcuid gníomhaíochtaí roghnaithe.
- Chonacthas na páistí ag baint taitnimh as na gníomhaíochtaí éagsúla súgartha ar ghlac siad páirt iontu le linn na cigireachta agus na daoine fásta ar fáil á gcumasú, á spreagadh agus ag tabhairt cúnaimh dóibh.
- D'imir na páistí ina n-aonar, i mbeirteanna agus i ngrúpaí beaga le linn an tseisiúin.
- Cuireadh limistéar scíthe ainmnithe ar fáil sa seomra súgartha ina raibh suíocháin bhoga.
- Sa limistéar amuigh faoin aer tá matra bog faoin gcos. Bhí teach súgartha, bréagáin ar féidir marcaíocht orthu, capaill luascáin agus baraí rotha. Cuireadh in iúl don chigire gur ceannaíodh trealamh nua don limistéar inar áiríodh, táblaí gainimh, mar shampla.

## Cuid V - Cúram Leanaí sa tSeirbhís Réamhscoile

### Rialachán 22 – Bia agus deoch

*Cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh bia agus deoch leordhóthanach, oiriúnach, cothaitheach agus éagsúil ar fáil do gach leanbh réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoile.*

### Faisnéis maidir le comhlíonadh

- Soláthraíonn tuismitheoirí agus caomhnóirí na leanaí atá ag freastal an bia a sheirbheáiltear ag an 2 am béile mar a bhí le feiceáil le linn na cigireachta.
- Is é craicir, torthaí agus tósta an bia a chonacthas le linn na cigireachta. Cuireadh tuilleadh tósta ar fáil do leanaí ag an dara am sosa.
- Bhí uisce le hól ag na páistí agus bhí an t-uisce ar fáil dóibh i rith an tseisiúin.
- Bhí uisce inólta ar fáil ag an doirteal sa seomra súgartha.
- Léirigh na daoine fásta tuiscint ar a ról agus ar a bhfreagrachtaí i dtaca leis an mBeartas seirbhíse maidir le Bia Sláintiúil.

| Cuid VI - Sábháilteacht |
|---|
| **Rialachán 23 - Sláinte, sábháilteacht agus leanaí a chosaint** |
| *Cinnteoidh soláthraí cláraithe go ndéantar gach beart réasúnach chun sláinte, sábháilteacht agus leas leanaí réamhscoile atá ag freastal ar an tseirbhís a chosaint agus go bhfuil timpeallacht na seirbhíse sábháilte.* |
| **Faisnéis maidir le comhlíonadh** |
| **Sábháilteacht Ghinearálta:**<br>• Taifeadadh teocht an uisce the ag an 2 bháisín níocháin láimhe i gcóiríocht sláintíochta na leanaí faoi bhun 43 chéim Celsius.<br>• Daingníodh na doirse seachtracha chun cosc a chur ar leanaí imeacht gan mhaoirseacht agus chun rochtain neamhúdaraithe orthu a chosc.<br>• Fuarthas amach go raibh an t-aláram ar an doras dóiteán sa seomra súgartha ag feidhmiú mar is ceart.<br>• Stóráladh na gníomhairí glantacháin a chonacthas le linn cigireachta ar bharr cófra ardleibhéil sa seomra súgartha. |
| **Rialú Ionfhabhtaithe:**<br>• Breathnaíodh ar leanaí ag ní a lámha tar éis dóibh filleadh ó imirt lasmuigh agus tar éis dóibh an leithreas a úsáid.<br>• Bhí na fuinneoga sa seomra súgartha oscailte chun ligean d'aer úr scaipeadh sa seomra. |
| **Sábháilteacht Dóiteán:**<br>• Rinneadh na druileanna dóiteáin sa tseirbhís ar bhonn míosúil, rinneadh an druil dheireanach a taifeadadh an 27.5.25.<br>• Bhí na nósanna imeachta a bhí le leanúint i gcás dóiteáin ar taispeáint sa seomra súgartha. |
| **Faisnéis maidir le Neamhchomhlíontacht** |
| **Sábháilteacht Ghinearálta:**<br>1. Ní raibh an geata sa limistéar súgartha lasmuigh daingnithe chun rochtain neamhúdaraithe a chosc.<br>2. Scoilteadh taobh an bharra rotha phlaistigh sa limistéar lasmuigh, rud a d’fhág go raibh baol gortaithe ann do leanaí.<br>3. Ní raibh na hinsí daingnithe ar an 2 dhoras cófra faoin doirteal íseal-leibhéil sa seomra súgartha, rud a d'fhág go raibh baol díobhála ann do leanaí. |
| **Cógais a Riaradh:**<br>4. Ní raibh aon toiliú tuismitheora i scríbhinn ar comhad mar is gá chun cógais éigeandála ar oideas a thabhairt i gcás go raibh gá leis. |

**Gníomh curtha isteach ag an Soláthraí Cláraithe**

**Gníomh Ceartaitheach & Coisctheach**

**Sábháilteacht Ghinearálta:**

1. Cuireadh glas ar an ngeata a théann chuig limistéar súgartha lasmuigh na leanaí, pictiúr ceangailte mar chruthúnas. Cuirfidh an fhoireann an geata faoi ghlas gach lá.
2. Fuarthas réidh leis an mbarra rotha. Cinnteoidh an tseirbhís nach mbeidh aon riosca ag baint le gach bréagán do leanaí, mar shampla gan aon scoilteanna.
3. Tá na doirse ar an bpreas socraithe, tá insí nua níos láidre i bhfeidhm. Déanfar an trealamh go léir a dheisiú sa seomra chomh luath agus a bhriseann sé.

**Cógais a Riaradh:**

4. Tá na tuismitheoirí i mbun plean gníomhaíochta a chomhlánú don leanbh a bhfuil riachtanais leighis aige/aici. Beidh an páipéarachas gaolmhar uile ag an tseirbhís sula dtosóidh an leanbh ar an 27.8.25. Beidh gach foirm cógais ar fáil agus cothrom le dáta.

**Doiciméid tacaíochta curtha isteach**

**Sábháilteacht Ghinearálta:**

1. Grianghraf den ghlas fraincín le heochracha ceangailte ar an ngeata lasmuigh.
2. Glactar leis an ráiteas mar fhianaise.
3. Grianghraif de na doirse cófra daingnithe.

**Cógais a Riaradh:**

4. Glactar leis an ráiteas mar fhianaise.

**Achomair**

Tá an ceanglas don rialachán seo á chomhlíonadh.

**Cuid VI - Sábháilteacht**

**Rialachán 25 - Garchabhair**

*(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh duine atá oilte i ngarchabhrach do leanaí ar fáil láithreach, i gcónaí, do na leanaí atá ag freastal ar an tseirbhís réamhscoile.*

*(2) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go ndéanfar bosca garchabhrach atá feistithe go cuí do leanaí-*

*(a) á stóráil go sábháilte in áit atá inrochtana agus feiceálach go héasca san áitreabh, agus*

*(b) go mbeidh sé ar fáil do na leanaí atá ag freastal ar an tseirbhís réamhscoile i gcónaí.*

**Faisnéis maidir le comhlíonadh**

(1) Cuireadh in iúl don Chigire go raibh oiliúint reatha ag 2 dhuine fásta a bhí fostaithe sa tseirbhís mar Fhreagróir Garchabhrach (FAR) agus na deimhnithe ina leith sin ar comhad.

(2)

(a) Bhí mála garchabhrach stóráilte ar phreas ardleibhéil sa seomra súgartha.

(b) Bhí an mála garchabhrach inrochtana do na daoine fásta agus as rochtain na leanaí. Bhí sé ar fáil don fhoireann chun freastal ar na páistí.

## Cuid VI - Sábháilteacht

### Rialachán 28 - Árachas

*Cinnteoidh soláthraí cláraithe go bhfuil árachas leordhóthanach ag an tseirbhís réamhscoile.*

**Faisnéis maidir le comhlíonadh**

Cuireadh cóip den deimhniú árachais na seirbhíse ar fáil don chigire.

Áiríodh an méid seo a leanas san fhaisnéis a soláthraíodh ar an deimhniú árachais:

- sonraí teagmhála an tsoláthraí árachais
- ainm agus seoladh na seirbhíse faoi árachas
- catagóir an chumhdaigh árachais le haghaidh na seirbhíse.
- gur le haghaidh 22 leanbh a bhí an líon leanaí a chumhdaítear leis an árachas.
- Ba é 27/11/25 dáta éaga an chumhdaigh árachais reatha.

# Early Years Inspectorate Regulatory Report
# Pre School

| | |
|---|---|
| **TUSLA Identifier:** | TU2015KY091 |

| | |
|---|---|
| **Name of Service:** | Naíonra an Daingin |

| | |
|---|---|
| **Address of Service:** | Áiseanna Na hÓige, Ard na Greine, An Daingean, Trá Lí, Co. Kerry |

| | |
|---|---|
| **Eircode:** | V92 DT44 |

| | |
|---|---|
| **Name of Registered Provider:** | Ray Mac Pháidín |

| | |
|---|---|
| **Service type:** | Part Time, Sessional |

| | |
|---|---|
| **Date(s) of Inspection:** | 17/06/2025 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **No of pre-school children:** | AM | 13 | PM | None |

| | |
|---|---|
| **Address of the Early Years Inspectorate:** | Áras an Phobail, Deans Lane, Tralee, Co. Kerry. |
| **Inspection undertaken by:** | N. Reidy |
| **Title:** | Early Years Inspector |

| Authority to Inspect |
|---|
| The Tusla Early Years Inspectorate carries out inspections of Early Years Services under Section 58(J) of the Child Care Act 1991 (as inserted by Section 92 of the Child and Family Agency Act 2013). |

| | |
|---|---|
| **Conditions if applicable** | N/A |

# Early Years Inspectorate Regulatory Report
# Pre School

## Description of service

Naíonra an Daingin is a community based early years service located within Áiseanna na hÓige. The service is registered to provide part-time and sessional care to children aged between 2 and 6 years. The service operates Monday to Friday between the hours of 9 am and 1 pm, the planned ECCE session is between the hours of 9 am and 12 mid-day. The children attending have access to a designated outdoor play area on site.

## Staffing

There are 5 adults attached to the service of whom 3 work directly with the children. The registered provider and the development officer affiliated to Comhar Naíonraí na Gaeltachta do not work in the service with the children. There was 1 adult employed under the Access and Inclusion Model (AIM) Support Scheme

## Methodology

Tusla's Early Years Inspectorate is the independent statutory regulator of early years services in Ireland. The Child Care Act 1991 (Early Years Services) Regulations 2016 define the duty of a registered provider to ensure the safety and well- being of children and to comply with these regulations. This Act also gives Tusla the authority to assess compliance with the regulations. The purpose of regulation in relation to early years services is to ensure that the care, safety, and well-being of children attending such services is upheld. Inspections of early years services are planned based on the following:

- Previous inspection history
- Any information received in relation to the service

The findings on inspection are based on:

- Information obtained through examination of documentation
- Direct observation
- Discussion with relevant staff

This inspection was unannounced and focused on the area of governance/ health, welfare and development of child/ safety. The inspections may also focus on other areas as required.

Inspection findings are documented in the inspection report which is first issued in draft format to the service with an opportunity to respond to any findings. Where statutory requirements are identified as not being met, the registered provider must demonstrate how they have rectified the non-compliance and will prevent any non -compliance from re occurring. The Corrective Action and Preventive Action plan (CAPA) will be used to inform

decisions about compliance with regulatory requirements. Where the registered provider fails to meet the statutory requirements an escalation process may be commenced.

The inspectorate reserves the right to edit responses received for reasons including clarity, completeness and compliance with administrative and legal processes.

The contents of the report are compiled by the inspectorate body.

**Acknowledgments**

The inspector wishes to acknowledge the cooperation of the person in charge, staff and children who were present on the day of the inspection.

| Part III – Management and Staff |
|---|
| **Regulation 9 – Management and recruitment** |
| *(1) A registered provider shall ensure that-<br>(a)the service has a designated person in charge and a named person who is able to deputise as required,<br>(b)at all times during the period when the pre-school service is being carried on, the designated person in charge or the named person referred to in subparagraph (a) is on the premises, and* |
| *(2) A registered provider shall ensure that each employee, unpaid worker and contractor is suitable and competent taking into consideration the nature of the needs of children, including by-<br>(a) consideration of references from the person's past employers, if any, and in particular the most recent employer, if any,<br>(b) consideration of references from reputable sources in the case of a person who has no past employers,<br>(c) consideration of the vetting disclosure received from the National Vetting Bureau of the Garda Síochána in accordance with the Act of 2012 in respect of the person, and<br>(d) ensuring, insofar as is practicable, that where a person has lived in a state other than the State for a period of longer than 6 consecutive months, he or she provides police vetting from the police authorities in that state.* |
| *(4) A registered provider shall ensure that, without prejudice to the generality of paragraph (2) and subject to paragraphs (5) and (6), each employee working directly with children attending the service holds at least a major award in Early childhood Care and Education at Level 5 on the National Qualifications Framework or a qualification deemed by the Minister to be equivalent.* |

| Compliance Information |
|---|
| (1)<br>(a) The registered provider had a designated person in charge and there is a named deputy to deputise as required.<br>(b) When the unannounced inspection commenced, the designated person in charge was on duty to assist with the inspection process.<br>(2)<br>(a)& (b)<br>Since the previous inspection on 3 October 2023, it was established with the person in charge that no new adults had commenced working in the service.<br>(c) Garda vetting which had expired since the previous inspection had been renewed in respect of one adult. This was in compliance with the Early Years Inspectorate Regulatory Notice requiring services to renew Garda vetting every three years.<br>(d) Not applicable as no new adults had commenced working in the service since the last inspection.<br>(4) The three adults working directly with the children had achieved major awards in Early Childhood Care and Education, as listed on the National Framework of Qualifications (NFQ). |

| Part III – Management and Staff |
|---|
| **Regulation 11 - Staffing levels** |
| *(1) Subject to this Regulation, a registered provider shall ensure that there is at all times an adequate number of adults working directly with the children attending the pre-school service.*<br><br>*(2) Subject to paragraphs (4) and (5), a registered provider of a full day care service or a part-time day care service shall ensure that at all times the minimum ratio of adults to children specified in column (3) of Part 1 of Schedule 6 opposite a particular reference number specified in column (1) of that Part in respect of the age range of the children specified in column (2) thereof at that reference number is satisfied.*<br><br>*(8) Without prejudice to paragraphs (2) to (7)-*<br>*(a) a registered provider of a pre-school service other than a child-minding service or a sessional pre-school service shall ensure that there are at least 2 adults on the premises at all times.* |

**Compliance Information**

(1) There was an adequate number of staff working with the children on the day of inspection.

(2) The minimum ratio of adults to children were adhered to during inspection. There were 3 adults working directly with 13 children aged between 3 and 6 years, 5 children attending on a part-time basis and 8 children attending on a sessional basis.

(8) (a) The registered provider did ensure that a minimum of 2 adults are on the premises as evidenced by the staff roster provided.

## Part V - Care of Child in Pre-school Service

### Regulation 19 - Health, welfare and development of child

*(1) A registered provider shall, in providing a pre-school service, ensure that-*

*(a) each child's learning, development and well-being is facilitated within the daily life of the pre-school service through the provision of the appropriate activities, interaction, materials and equipment, having regard to the age and stage of development of the child, and*

**Compliance Information**

BASIC NEEDS

- The children were enjoying a Teddy bear's picnic when the inspector arrived in the service. There was soft matting and cushions provided to facilitate the children to sit together with their soft toys of choice brought in from home.
- During the inspection, there was a relaxed, calm and playful environment provided by the 3 adults caring for the children.
- The children had unlimited access to the toilets located outside the playroom. The children present on inspection were independently using the toilet. The adults supervised the children when using the toilets.
- The children attending enjoyed free movement in the spacious playroom and in the outdoor designated play area on inspection.
- The children had sufficient floor space indoor to move about freely, to access the variety of play materials that were accessible to the children on low level shelving units providing the children with choice in their chosen activities.
- The children were observed enjoying the various play activities they participated in during the inspection with the adults on hand enabling and providing encouragement and assistance to them.

- The children played individually, in pairs and in small groups during the session.
- A designated rest area was provided in the playroom consisting of soft seating.
- The outdoor area has soft matting underfoot. There was a playhouse, ride on toys, rocking horses and wheelbarrows. The inspector was informed that new equipment was purchased for the area that included for example sand tables.

## Part V - Care of Child in Pre-school Service

### Regulation 22 – Food and drink

*A registered provider shall ensure that adequate and suitable, nutritious and varied food and drink is available for each pre-school child attending the pre-school service.*

**Compliance Information**

- The parents and guardians of the children attending provide the food served at the 2 mealtimes as observed on inspection.
- The food observed on inspection consisted of crackers, fruit and toast. Additional toast was offered to children at the second snack time.
- The children had water to drink and the water was available to them throughout the session.
- Potable drinking water was available at the sink in the playroom.
- The adults demonstrated an understanding of their role and responsibilities in relation to the service Policy on Healthy Eating.

## Part VI - Safety

### Regulation 23 - Safeguarding health, safety and welfare of child

*A registered provider shall ensure that all reasonable measures are taken to safeguard the health, safety and welfare of a pre-school child attending the service and that the environment of the service is safe.*

**Compliance Information**

**General Safety:**

- The temperature of the warm water at the 2 wash hand basins in the children's sanitary accommodation was recorded below 43 degrees Celsius.
- The external doors were secured to prevent children from exiting unsupervised and to prevent unauthorised access in.
- The alarm on the fire exit door in the playroom was found to be in working order.
- The cleaning agents seen on inspection were stored on top of a high-level cupboard in the playroom.

**Infection Control:**

- Children were observed washing their hands after returning from playing outdoors and after using the toilet.
- The windows in the playroom were open to allow fresh air to circulate in the room.

**Fire Safety:**

- The fire drills in the service were conducted on a monthly basis, the last recorded drill took place on 27.5.'25.
- The procedures to be followed in the event of a fire were displayed in the playroom.

## Non-Compliance Information

**General Safety:**

1. The gate in the outdoor play area was not secured to prevent unauthorised access.
2. The side of a plastic wheelbarrow was cracked in the outdoor area posing a risk of injury to children.
3. The hinges on the 2 cupboard doors under the low-level sink in the playroom were not secured posing a risk of injury to children.

**Administration of Medication:**

4. There was no written parental consent on file as is required to give prescription emergency medication in the event it was needed.

## Action submitted by the Registered Provider

**<u>Corrective & Preventive Action</u>**

**General Safety:**

1. A lock has been applied to the gate leading to the children's outdoor play area, picture attached as proof. The gate will be locked everyday by the staff.
2. The wheelbarrow has been disposed of. The service will ensure that all toys are of no risk to children, for example no cracks.
3. The doors on the press have been fixed, new stronger hinges are in place. All equipment will be repaired in the room as soon as it breaks.

**Administration of Medication:**

4. The parents are in the process of filling out an action plan for the child with medical needs. All the associated paperwork will be in the service prior to the child starting on 27.8.'25. All medication forms will be available and up to date.

| Supporting documentation submitted |
|---|
| **General Safety:**<br>1. A photograph of the padlock with keys attached on the outdoor gate.<br>2. The statement is accepted as evidence.<br>3. Photographs of the secured cupboard doors. |
| **Administration of Medication:**<br>4. The statement is accepted as evidence. |
| **Summary Comment** |
| The requirement for this regulation has been met. |

| Part VI - Safety |
|---|
| **Regulation 25 - First aid** |
| *(1) A registered provider shall ensure that a person trained in first aid for children is, at all times, immediately available to the children attending the pre-school service.*<br><br>*(2) A registered provider shall ensure that a suitably equipped first aid box for children-*<br>*(a) is safely stored in an easily accessible and conspicuous position on the premises, and*<br>*(b) is available to the children attending the pre-school service at all times.* |
| **Compliance Information** |
| (1) The Inspector was informed that 2 adults employed in the service had current First Aid Responder (FAR) training with the certifications in respect of these on file.<br>(2)<br>(a) There was a first aid bag stored on a high-level press in the playroom.<br>(b) The first aid bag was accessible to the adults and out of the reach of the children. It was available to the staff to attend to the children. |

| Part VI - Safety |
| --- |
| **Regulation 28 - Insurance** |
| *A registered provider shall ensure that the pre-school service is adequately insured.* |
| **Compliance Information** |
| A copy of the insurance certification for the service was furnished to the inspector.<br>The information provided on the insurance certificate included:<br>• the contact details for the insurance provider<br>• the name and address of the service insured<br>• the category of insurance cover for the service.<br>• the number of children covered by the insurance was for 22 children.<br>• The expiry date of the current insurance cover was 27/11/’25. |